



## Gearán faoi dhrochriarachán

Sara líonann tú amach an fhoirm ghearráin, léigh le do thoil an t-alt dar teideal "Conas gearán a dhéanamh".

Lean ort ar bhileog ar leith más gá agus cuir isteach gach doiciméad atá riachtanach chun cabhrú le do ghearán.

1

- Réamhainm: .....
- Ainm clainne: .....
- Thar cheann (más gá): .....
- Seoladh líne 1: .....
- Seoladh líne 2: .....
- Baile/Cathair: .....
- Cód poist: .....
- Tír: .....
- Náisiúntacht: .....
- Teil: .....
- Ríomhphost: .....

2

Cén institiúid nó comhlacht an Aontais Eorpaigh (AE) is mian leat gearán a dhéanamh ina thaobh?

- Parlaimint na hEorpa
- Comhairle an Aontais Eorpaigh
- An Coimisiún Eorpaigh
- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (\*)
- Cúirt Iníúchóirí na hEorpa
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
- Coiste Réigiún an Aontais Eorpaigh
- An Banc Eorpach Infheistíochta
- An Banc Ceannais Eorpach
- Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO)
- Oifig Fhrith-Chalaoise na hEorpa (OLAF)
- Oifig Eorpach Póilíní (Europol)
- Comhlacht eile an Aontais (tabhair sonraí, le do thoil)

(\*) Ach amháin ina ról dlíthiúil

3

Cén cinneadh nó ábhar faoina bhfuil tú ag gearán? Cathain a fuair tú amach mar gheall air?

4

Cad atá déanta go mícheart ag institiúid nó comhlacht an AE, dar leat?

Cad is ceart don institiúid nó don chomhlacht a dhéanamh chun rudaí a réiteach, dar leat?

5

An bhfuil teagmháil déanta agat cheana féin leis an institiúid nó leis an gcomhlacht AE atá i gceist d'fhonn cúiteamh a fháil?

Is coinnioll éigeantach é seo chun go mbeadh gearán inghlactha. Ni mó go gcuirfí i gceangal leis an bhfoirm ghearán fianaise go ndeachaigh tú i dteagmháil leis an institiúid nó leis an gcomhlacht ábhartha chun sásamh a lorg. Mura ndéanfar amhlaidh, cuirfear in iúl duit nach féidir linn déileáil le do ghearán.

- Tá (tabhair sonraí, le do thoil)
- Níl

7

Sa chás go mbaineann an gearán le caidrimh oibre le hinstitiúid nó le comhlachtaí an AE: an bhfuil gach féidearthacht úsáidte agat maidir le hiarratais agus gearáin i dtaobh riachán inmheánach, mar atá leagtha síos ins na Rialacháin Foirne? Má tá, an bhfuil na teorainneacha ama thart le haghaidh freagraí ó na hinstitiúidí?

- Tá (tabhair sonraí, le do thoil)
- Níl

8

Ar socraíodh ábhar do ghearán cheana féin i gcúirt nó an bhfuil sé le dul os comhair cúirte?

- Tá (tabhair sonraí, le do thoil)
- Níl

9

An aontaíonn tú gur féidir do ghearán a chur ar aghaidh go dtí údarás eile (údarás Eorpach nó náisiúnta) má chinneann an tOmbudsman Eorpach nach bhfuil sé i dteideal déileáil leis?

- Aontaím
- Ní aontaím

Dáta:

### Nóta faisnéise maidir le próiseáil sonraí agus rúndacht

#### Próiseáil sonraí

Is minic a bhíonn sonraí pearsanta, amhail ainmneacha, sonraí teagmhála agus faisnéis eile a bhaineann le daoine inaitheanta le fáil i ngearán chuig an Ombudsman agus i gcomhfheagras bainteach.

Tá cearta agus oibleagáidí ann faoin dlí Eorpach (Rialachán 2018/1725) maidir leis an gcaoi a láimhseáil ann instiúidí an AE, lena n-áirítear an tOmbudsman Eorpach, sonraí pearsanta. Áirítear leo sin ceart an duine aonair chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis a bhaineann leis nó léi agus atá i seilbh na hOfíge seo. Chun na cearta sin a fheidhmiú nō chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil lenár nOifig nō ár n-oifigeach cosanta sonraí.

Má tá duine den tuairim nár láimhseáil an tOmbudsman a s(h)onraí pearsanta mar is ceart, is féidir leis nō léi dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonrai.

#### Rúndacht an ghearán agus do chuid faisnéise

Iarrtar ar ghearánaithe aon doiciméad nó faisnéis a mheasann siad a bheith faoi rún a mharcáil go soiléir tráth a chuireann siad faoi bhráid an Ombudsman é.

Ní bheidh feidhm ag prionsabal na rúndachta ach amháin dá mbeadh éifeacht dhiobhálach éigin ann sa chás go nocthfaí an fhaisnéis. D'fhéadfadh feidhm a bheith aici, mar shampla, i gcás faisnéis airgeadais, faisnéis atá iogair ó thaobh tráchtála de nó faisnéis phearsanta faoi dhuine príobháideach. Ní féidir rúndacht a chinntí i ngach cás. Go háirithe, má chuireann tú doiciméid faoi bhráid an Ombudsman ina bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le duine éigin eile nach tú féin é, tá gach seans go bhféadfaidh an duine sin an fhaisnéis a fháil ón Ombudsman trína gcearta um chosaint sonraí a fheidhmiú. Ar an nós, ba cheart duit a bheith ag súil leis go roinnfear an gearán agus aon doiciméid tacaiochta ina iomláine leis an institiúid nó leis an gcomhlacht a bhfuil tú ag déanamh gearán fúthu ionas go bhféadfaidh siad é a thuiscint i gceart agus freagra a thabhairt don Ombudsman.